AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 650 final

2024/0252 (BUD)

DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 5 A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2024

Coigeartú ar leithréasuithe i gcomhair íocaíochtaí, nuashonrú ar ioncaim agus nuashonruithe teicniúla eile

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, a glacadh an 22 Samhain 2023[3],

– buiséad leasaitheach Uimh. 1/2024[4], a glacadh an 25 Aibreán 2024,

– buiséad leasaitheach Uimh. 2/2024[5], a glacadh an 25 Aibreán 2024,

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024[6], a glacadh an 9 Aibreán 2024,

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2024,[7]a glacadh an 19 Iúil 2024,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad 2024 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III ar leith le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

2 IO L, 2024/2509, 26.09.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R2509

3 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024B0207

4 IO L, 2024/1430, 5.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024B1430

5 IO L, 2024/1509, 18.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024B1509

6 COM(2024) 920, 9.4.2024.

7 COM(2024) 931, 19.7.2024.

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Is é is cuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 5 don bhliain 2024 taobh an chaiteachais agus an ioncaim araon den bhuiséad a nuashonrú.

Baineann na hathruithe atá beartaithe ar thaobh caiteachais an bhuiséid leis na heilimintí seo a leanas:

1. Méadú ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le haghaidh méid iomlán EUR 2,9 billiún, lena n-áirítear i ndáil leis an ath-chlársceidealú a bhaineann leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Ní rabhthas in ann na méideanna sin a chur san áireamh sna hath-leithdháiltí a moladh san 'Ollaistriú' (DEC 11/2024) a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte agus faoi bhráid na Comhairle an 03 Deireadh Fómhair 2024;
2. Nuashonrú ar na riachtanais le haghaidh na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna), agus é á chur san áireamh nach dtabharfar roinnt comhaontuithe agus na prótacail ghaolmhara i gcrích in 2024;
3. Méadú ar leithreasuithe, atá nasctha leis na meastacháin is déanaí don nuashonrú ar luach saothair, mar a leanas:

   Ceannteideal 7

   - Méadú EUR 1,3 milliún ar leibhéal an chaiteachais riaracháin do Choiste na Réigiún;
   - Méadú EUR 67,2 milliún ar phinsin na n-institiúidí uile, mar gheall ar líon níos airde tairbhithe pinsin freisin;
   - I gcás an Choimisiúin agus na nInstitiúidí eile, cumhdófar tionchar an uasdátaithe ar luach saothair atá níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis le hathdháiltí inmheánacha;

   Lasmuigh de Cheannteideal 7

   - Méadú EUR 12,1 milliún ar ranníocaíocht an Aontais le roinnt gníomhaireachtaí díláraithe. Cumhdófar riachtanais bhreise eile trí na leithreasuithe atá fágtha agus na solúbthachtaí ionsuite a shlógadh.
4. Coigeartú ar ranníocaíocht an Aontais le roinnt gníomhaireachtaí díláraithe atá nasctha le cur chun feidhme nó le cúiseanna sonracha eile, mar a leanas:
   - Méadú EUR 1 mhilliún ar ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun a cibearshlándáil a threisiú, arna fhritháireamh in aghaidh laghdú ar an gCiste Slándála Inmheánaí (ISF);
   - Méadú EUR 17 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA). Tar éis cur chun feidhme níos ísle ná mar a bhí beartaithe, is féidir é sin a fhritháireamh trí ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a laghdú.
   - Laghdú ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna leithdháileadh ar an Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC) mar gheall ar na riachtanais athbhreithnithe le haghaidh na leithreasuithe sa chéad bhliain dá bhunú, tar éis moilleanna ar na hearcaíochtaí.
   - Filleadh EUR 2,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar chlár LIFE. I bhfianaise na moilleanna leis an bPacáiste maidir le Truailliú Nialasach a ghlacadh, ní bheidh na leithreasuithe comhfhreagracha ag teastáil ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) ná ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA).

5. Mar thoradh ar mheaisínaistriúcháin a thabhairt isteach, rinneadh coigilteas nach beag i roinnt oibríochtaí de chuid Oifig na bhFoilseachán, rud a fhágann gur féidir leibhéal leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na líne buiséid ábhartha a laghdú.
6. Coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach ar thaobh an chaiteachais agus an ioncaim araon agus barúlacha tar éis ghlacadh an togra don Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin.[8]

Ar an iomlán, méadú caiteachais EUR 44,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 2 954,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí is ea tionchar glan an DBL seo.

Ó thaobh an ioncaim de, ionchorpraítear sa DBL seo EUR 2 815 mhilliún d'fhíneálacha cinntitheacha agus d'íocaíochtaí pionósacha a íoctar go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. Mar thoradh air sin, is é glanmhéadú EUR 139,9 milliún ar ranníocaíochtaí OIN an tionchar foriomlán ar thaobh an ioncaim.

2. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS

2.1 Riachtanais mhéadaithe i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí

Cleachtadh bliantúil is ea an 'tOllaistriú' a eagraítear laistigh den Choimisiún lena n-iarrtar ar na hArd-Stiúrthóireachtaí agus ar na Seirbhísí uile athbhreithniú a dhéanamh faoi thús mhí Mheán Fómhair ar chur chun feidhme íocaíochtaí an bhuiséid atá ann faoi láthair, is é sin, an cur chun feidhme acu féin, go dtí deireadh na bliana lena mbaineann. Is é is aidhm don chleachtadh seo riachtanais bheachta a chumhdach agus cur chun feidhme uasta buiséid a áirithiú i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ag deireadh na bliana trí riachtanais bhreise a mheaitseáil le tearcúsáid a bhfuil coinne léi. Mar thoradh air sin, cuirtear iarraidh ad hoc ar aistriú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle gach bliain.

Léirigh an cleachtadh 'Ollaistriú' nach leor an buiséad a vótáladh atá fágtha agus na hioncaim shannta atá ar fáil chun riachtanais íocaíochta mheasta a chumhdach go dtí deireadh na bliana do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), go háirithe i ndáil le cur chun feidhme an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cláir CFRE a threisiú mar seo a leanas:

- **Cláir 2021-2027**

I gcomhréir le Rialachán STEP[9], a tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2024, d'iarr na Ballstáit leasuithe ar a gcláir chomhtháthaithe chun tosaíochtaí STEP a ionchorprú, a bhaineann tairbhe as réamh-mhaoiniú eisceachtúil 30 % den leithdháileadh ar thosaíochtaí STEP, arb ionann é agus EUR 1,4 billiún. Is oibleagáid dhlíthiúil í íocaíocht an réamh-mhaoinithe sin nár cuireadh san áireamh agus buiséad 2024 á ghlacadh, ós rud é nár comhaontaíodh athbhreithniú meántéarma CAI go fóill. Mura ndéanfar amhlaidh, deimhnítear i réamhaisnéisí mhí Iúil ó na Ballstáit go ndéanfar buiséad 2024 a fhorghníomhú go hiomlán.

- **Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích**

Le Rialachán STEP, tugadh isteach freisin an rogha maidir le cómhaoiniú deonach 100 % le haghaidh caiteachas arna dhearbhú in iarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le linn na bliana cuntasaíochta ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. Thairis sin, áirítear ann uasteorainn 1 % ar íocaíochtaí eatramhacha in 2025, rud a bhí ina dhreasacht do na Ballstáit a n-iarratais ar íocaíocht a chur isteach níos luaithe in 2024. Tá dlús mór curtha le cur isteach na n-iarratas ar íocaíocht mar gheall ar an dá

[8] COM(2024) 426 final.

[9] IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R0795

thoisc sin le chéile. I gcomhréir le réamhaisnéisí mhí Iúil, beidh riachtanais bhreise íocaíochta de EUR 1,5 billiún ann do 2024 mar thoradh air sin.

Leagtar amach thíos an méadú mionsonraithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a iarrtar sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo 5/2024:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
05 02 01	CFRE — Caiteachas oibríochtúil	0	1 400 000 000
05 02 99 01	CFRE a chur i gcrích — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2021)	0	1 500 000 000
Iomlán		**0**	**2 900 000 000**

2.2 Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna)

Déanann an Coimisiún Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) déthaobhacha idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha comhpháirtíochta a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme. Ós rud é go raibh roinnt acu fós faoi réir caibidlíochta nuair a bunaíodh buiséad 2024, tá méid EUR 49,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 25,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí fós ar fáil i bhfoirm cúlchistí chun na comhaontuithe agus na prótacail maidir le hiascaigh idir an tAontas agus rialtais tríú tíortha comhpháirtíochta sonracha nár glacadh go fóill a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán Airgeadais agus le pointe 20 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[10].

I bhfianaise stádas na caibidlíochta maidir leis na prótacail a bheidh ann amach anseo:

- Cuirfear tús leis an gcaibidlíocht le São Tomé an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus meastar go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht le hOileán Cook le linn an 4ú ráithe de 2024. Ní mheastar go síneofar na prótacail nua go dtí an chéad ráithe de 2025;
- Tá an chaibidlíocht leis an gCósta Eabhair tugtha i gcrích. Meastar go síneofar an prótacal nua le linn na chéad ráithe de 2025, a luaithe a thabharfar na nósanna imeachta inmheánacha i gcrích.

Maidir leis na leithreasuithe atá fós i gcúlchiste, ní thabharfar aon cheann de na prótacail le hAngóla, leis an nGuine, leis an Libéir, le Maracó agus leis an tSeineagáil i gcrích i mbliana:

- I gcás Mharacó, bhí tionchar ag breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcásanna uamtha C-778/21 P *an Coimisiún v Front Polisario* agus C-798/21 P *an Chomhairle v Front Polisario* an 4 Deireadh Fómhair 2024 ar sceideal na caibidlíochta;
- I gcás Angóla, na Guine, na Libéire agus na Seineagáile, níor glacadh go fóill Cinntí ón gComhairle maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh prótacal nua.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún an méid nach mbeidh ag teastáil in 2024 a chur ar ceal. Is é sin EUR 32,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 25,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, mar a leanas:

EUR

[10] IO L 443I, 22.12.2020, lgh. 28-46, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32020Q1222(01)

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
30 02 02	Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 08 05 01)	- 32 857 566	- 25 750 000
Iomlán		**- 32 857 566**	**- 25 750 000**

2.3 Coigeartuithe atá nasctha le coigeartú tuarastail níos airde le haghaidh 2024

2.3.1 Riarachán Poiblí Eorpach (Ceannteideal 7)

Sa DBL 5/2024 seo, molann an Coimisiún coigeartuithe ar cheannteideal 7 'Riarachán Poiblí Eorpach', i ndáil le tionchar an choigeartaithe tuarastail mhéadaithe ar chaiteachas riaracháin. Tá nuashonrú iomlán de + 7,2 %[11] in 2024 á thuar anois, as a dtiocfaidh nuashonrú iarmharach de + 4,1 %, sa bhreis ar an gcéad nuashonrú de + 3,0 % ón 1 Eanáir, agus tógadh buiséad 2024 ar an toimhde go ndéanfaí nuashonrú de + 3,4 % a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Iúil 2024. Thairis sin, tá gá le coigeartú le haghaidh líon níos airde tairbhithe pinsin nua i gcomparáid leis na meastacháin nuair a bunaíodh buiséad 2024.

Caiteachas riaracháin na n-institiúidí

Ó tháinig na Rialacháin Foirne athbhreithnithe[12] i bhfeidhm in 2014, tá leibhéal an nuashonraithe tuarastail agus pinsean d'fhoireann institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais bunaithe ar mhodheolaíocht neamhroghnach ina bhfuil dhá ghné. Is é an chéad ghné glanéabhlóid ar chumhacht ceannaigh na státseirbhíseach náisiúnta ó chiseán de 10 mBallstát,[13]arb ionann é agus 75 % ar a laghad de OTI an Aontais. Is é an Táscaire Sonrach Domhanda atá ansin. Cuirtear boilsciú sa Bhruiséil agus i Lucsamburg san áireamh sa dara gné – an tInnéacs Comhpháirteach (JI). Áirithíonn uathoibríocht mhodh an nuashonraithe tuarastail go léiríonn an córas na teagmhais san fhíorgheilleagar agus cinntí na mBallstát araon, mar atá deimhnithe ag Eurostat i gcomhaontú le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta.

I mbuiséad 2024, is é 3,4 % (tionchar 6 mhí) ráta réamh-mheasta an nuashonraithe tuarastail atá le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Iúil 2024. Rinne seirbhísí an Choimisiúin an ráta sin a ríomh i mí na Samhna 2023, bunaithe ar an éabhlóidiú a measadh a thiocfadh ar an gcumhacht cheannaigh agus ar an gcostas maireachtála don tréimhse thagartha (1 7 2023 – 30 6 2024), i gcomhréir leis an modh a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.

Léirítear leis an meastachán is déanaí den sampla atá ar fáil maidir le forbairt na cumhachta ceannaigh i mBallstáit méadú 3,2 %, agus tá innéacs comhpháirteach na Beilge agus Lucsamburg (JBLI) don tréimhse ábhartha (+5,1 %) i bhfad níos airde ná mar a tuaradh ar dtús. Dá bhrí sin, sroichfidh an nuashonrú tuarastail iomlán atá le cur i bhfeidhm in 2024 +7,2 %[14]. Tar éis an nuashonraithe idirmheánaigh 3,0 %, cuirfear nuashonrú tuarastail iarmharaigh de 4,1 %[15] i bhfeidhm ón 1 Iúil 2024. Cuirtear ráta nuashonraithe 1,2 % siar go dtí an 1 Aibreán 2025, i gcomhréir le forálacha an 'chlásail modhnóireachta' i gcomhréir le hAirteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

I gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, eiseofar tuarascáil Eurostat an 31 Deireadh Fómhair 2024 agus leagfar amach inti an coigeartú ar ghlanluach saothair ainmniúil oifigigh an Aontais sa Bhruiséil agus i Lucsamburg le héifeacht ó mhí

11 1,030*1,041=1,072
12 IO L 45, 14.6.1962, lch. 1385, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/oj.
13 BE, DE, ES, FR, IT, LU, NL, AT, PL, SE.
14 1.020*1.051=1.072.
15 1.072/1.030=1.041.

Iúil 2024, agus é mar aidhm forbairt chomhthreomhar na cumhachta ceannaigh leis na státseirbhísigh sna Ballstáit a choinneáil ar bun.

Bunaithe ar thuarascáil Eurostat, glacfar an tuarascáil ón gCoimisiún[16] chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa i mí na Samhna ansin. Ós rud é go mbeadh sé sin ródhéanach chun buiséad leasaitheach a mholadh go foirmiúil tar éis an ráta nuashonraithe a thabhairt chun críche, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an staid i bhfianaise na réamhaisnéisí is déanaí atá ar fáil. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabail bhuiséadacha na bainistíochta fónta airgeadais agus an bhuiséadaithe chruinn, tá údar maith le togra chun na leithreasuithe buiséadacha a bhaineann le tuarastail agus pinsin a mhéadú.

Tá gach iarracht déanta ag an gCoimisiún srian a chur lena chaiteachas riaracháin trí bheartas foirne dian cobhsaí a choinneáil agus trí laghduithe nach beag a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir maidir le caiteachas nach mbaineann le tuarastal, e.g. caiteachas a bhaineann le cruinnithe agus coistí. Ar an gcaoi chéanna, tá gach iarracht ab fhéidir déanta ag na hinstitiúidí eile riachtanais bhreise a chumhdach trí acmhainní atá ann cheana a ath-leithdháileadh agus infheistíochtaí neamhéigeantacha a chur ar atráth.

Tá gach iarracht déanta ag na hInstitiúidí chun na riachtanais bhreise maidir le caiteachas tuarastail a chumhdach trí athdháileadh. Is é Coiste na Réigiún amháin nach bhfuil in ann freastal ar na riachtanais sin go hinmheánach agus, dá bhrí sin, tá sé ag iarraidh go ndéanfaí treisiú ar na línte tuarastail. Mar sin féin, is gá an caiteachas riaracháin ar phinsin a threisiú, a bhfuil líon iarbhír na bpinsinéirí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ina leith, sa bhreis ar an ráta nuashonraithe pinsin níos airde.

Pinsin

Maidir le caiteachas pinsin, léirítear i réamh-mheastachán na riachtanas go dtí deireadh 2024 easnamh EUR 71 milliún, mar gheall ar go leor eilimintí arb é is toradh orthu méadú ar an gcaiteachas pinsin atá á thuar le haghaidh 2024:

- Méadú níos airde ar thairbhithe pinsin (+ 165) le linn 2024 i gcomparáid leis na toimhdí a úsáideadh i mbuiséad 2024 (+ EUR 14,7 milliún).
- Tionchar an athraithe ar an gcoigeartú bliantúil maidir le pinsin a thuairiscítear thuas, lena n-áirítear na riachtanais bhreise ar feadh 6 mhí mar gheall ar an nuashonrú idirmheánach pinsin de 3,0 % ón 1 Eanáir 2024 (EUR 58,1 milliún).

An tráth céanna, réamh-mheastar go mbeidh barrachas thart ar EUR 2 mhilliún ann do na línte buiséid le haghaidh chaiteachas pinsin iar-Chomhaltaí na nInstitiúidí.

Is é is toradh ar na heilimintí thuas easnamh foriomlán EUR 71 milliún ar chaiteachas pinsin. Tá sé beartaithe EUR 3,8 milliún a athdháileadh ó línte buiséid eile i roinn buiséid an Choimisiúin ar sainaithníodh roinnt barrachais ina leith. Ar an iomlán, d'fhágfadh sé sin go bhféadfaí an glaniarratas ar atreisiú a laghdú go EUR 67,2 milliún.

Tionchar foriomlán agus mionsonraithe de réir Ranna

[16] Le hAirteagal 65(1) de na Rialacháin Foirne agus de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún sonraí a sholáthar a bhaineann leis an tionchar buiséadach a imríonn luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais i bhfianaise nuashonrú 2024 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais, agus a bhaineann leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo.

Ar an iomlán, is é atá sa togra caiteachas neamhdhifreáilte cheannteideal 7 (Riarachán Poiblí Eorpach) a mhéadú faoi EUR 68,5 milliún le haghaidh 2024. Comhfhreagraíonn sé do mhéadú EUR 1,3 milliún ar chaiteachas riaracháin Choiste na Réigiún agus EUR 67,2 milliún ar phinsin na n-institiúidí uile.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

Méideanna in EUR

	Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024 agus DBLanna 2-4/2024)	**Dréachtbhuiséad Leasaitheach 5/2024**	**Buiséad 2024**
Pinsin agus Scoileanna Eorpacha	**2 812 624 762**	**67 200 000**	**2 879 824 762**
Pinsin	2 565 464 000	67 200 000	2 632 664 000
Scoileanna Eorpacha	247 160 762		247 160 762
Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**9 175 375 841**	**1 300 000**	**9 176 675 841**
An Coimisiún	4 221 841 225		4 221 841 225
Institiúidí eile	4 953 534 616	1 300 000	4 954 834 616
Parlaimint na hEorpa	2 382 263 574		2 382 263 574
An Chomhairle	676 881 123		676 881 123
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	503 782 531		503 782 531
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	185 655 890		185 655 890
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa	164 945 524		164 945 524
Coiste na Réigiún	121 878 345	1 300 000	123 178 345
An tOmbudsman Eorpach	13 667 466		13 667 466
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	24 329 460		24 329 460
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	880 130 703		880 130 703
Iomlán	**11 988 000 603**	**68 500 000**	**12 056 500 603**

Seo a leanas an tionchar foriomlán de réir Ranna:

Roinn III – An Coimisiún Eorpach

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
21 01 01	Pinsin agus liúntais	67 200 000	67 200 000
Iomlán		**67 200 000**	**67 200 000**

Roinn VII – Coiste Eorpach na Réigiún

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
1200	Luach saothair agus liúntais	1 300 000	1 300 000
Iomlán		**1 300 000**	**1 300 000**

Ós rud é nach bhfuil aon chorrlach ar fáil faoi cheannteideal 7, ní féidir dul ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair faoi cheannteideal 7 le haghaidh méid breise EUR 68,5 milliún, rud a fhágfaidh go n-úsáidfear Airteagal 11(1)(a) den Ionstraim Corrlaigh Aonair le haghaidh méid EUR 283,5 milliún in 2024 chun oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh.

2.3.2 Caiteachas riaracháin lasmuigh de Cheannteideal 7 – gníomhaireachtaí díláraithe

Mar thoradh ar an gcoigeartú tuarastail méadaithe le haghaidh 2024 a chuirtear i láthair thuas, tá riachtanais bhreise ann freisin maidir le caiteachas tuarastail i ndáil leis an gcaiteachas riaracháin faoi Cheannteidil 1 go 6, rud a bhí an Coimisiún in ann a chumhdach lena slógtar na leithreasuithe atá fágtha agus na solúbthachtaí ionsuite.

Os a choinne sin, i gcás gníomhaireachtaí díláraithe, tá teorainn leis an raon feidhme maidir le hathdháiltí inmheánacha agus, dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ranníocaíocht an Aontais a mhéadú 1,7 %, arna cur i bhfeidhm ar Theideal 1 'Caiteachas foirne' de bhuiséad na ngníomhaireachtaí agus an cóimheas idir ranníocaíocht an Aontais agus buiséad iomlán na ngníomhaireachtaí á chur san áireamh. Leis an méadú sin de +1.7 %, cuirtear san áireamh tionchar (1) nuashonrú tuarastail 2023 atá níos ísle ná mar a bhí coinne leis (+2.7 %), agus (2) nuashonrú tuarastail atá níos airde ná mar a tuaradh le haghaidh bhuiséad 2024 (+ 7.2 %), i gcomparáid leis na toimhdí is bun le Buiséad 2024 (+ 4.4 % in 2023 agus + 3.4 % in 2024). Chun an tionchar a theorannú, lorgaíodh athdháiltí inmheánacha ar dtús chun na riachtanais a eascraíonn as tionchar an nuashonraithe tuarastail a chumhdach. Dá bhrí sin, i gcás roinnt de na gníomhaireachtaí díláraithe, níl gá le haon mhéadú ar ranníocaíocht an Aontais. Thairis sin, tá sé beartaithe gan FRONTEX a áireamh sa mhéadú, go háirithe mar gheall ar ráta folúntais atá mór go leor fós agus toisc gur cuid níos ísle de bhuiséad iomlán na gníomhaireachta iad na tuarastail, rud a fhágfaidh go mbeidh níos mó deiseanna ann athdháiltí inmheánacha a dhéanamh.

Sonraítear an tionchar foriomlán ar chaiteachas de EUR 12,1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí mar a leanas:

- **Ceannteideal 1 – An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach**

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
02 10 01	Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)	361 932	361 932
02 10 03	Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)	354 714	354 714
02 10 04	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)	244 326	244 326
02 10 05	Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC)	81 594	81 594
02 10 06	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)	193 651	193 651
03 10 01 01	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin	835 000	835 000
03 10 01 02	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Gníomhaíochtaí i réimse na reachtaíochta maidir le bithicídí	86 585	86 585
03 10 02	An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)	231 319	231 319
03 10 03	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)	168 038	168 038
03 10 04	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)	216 832	216 832
04 10 01	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis	404 623	404 623
Iomlán		**3 178 614**	**3 178 614**

- **Fo-cheannteideal 2b – Athléimneacht agus Luachanna**

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
06 10 01	An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú	712 181	712 181
06 10 02	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia	1 179 166	1 179 166
06 10 03 01	Rannchuidiú an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach	254 425	254 425
07 10 01	An Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)	275 758	275 758
07 10 02	An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)	137 647	137 647

07 10 03	An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)	217 343	217 343
07 10 04	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)	287 922	287 922
07 10 06	An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)	283 108	283 108
07 10 07	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)	594 629	594 629
07 10 08	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)	894 047	894 047
07 10 09	An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)	266 861	266 861
Iomlán		**5 103 087**	**5 103 087**

- **Ceannteideal 3 - Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol**

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
08 10 01	An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach	209 032	209 032
09 10 01	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – Treoracha comhshaoil agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta	55 915	55 915
09 10 02	An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil	646 569	646 569
Iomlán		**911 516**	**911 516**

- **Ceannteideal 4 – Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
11 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu LISA)	773 078	773 078
Iomlán		**773 078**	**773 078**

- **Ceannteideal 5 – Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint**

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
12 10 01	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)	2 002 895	2 002 895
12 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)	89 938	89 938
Iomlán		**2 092 833**	**2 092 833**

2.4 Coigeartuithe breise ar ghníomhaireachtaí díláraithe

2.4.1 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) a atreisiú

Go luath i mí an Mheithimh 2024, rinneadh sraith cibirionsaithe ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL). Tuairiscíodh na teagmhais láithreach don tSeirbhís Cibearshlándála inniúil le haghaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU). Tar éis imscrúdú iomlán a sheoladh i gcomhar le CERT-EU, ní mór don ghníomhaireacht dul ar aghaidh le hatógáil iomlán a bonneagair TF. Dá bhrí sin, chun costais láithreacha na gcibirionsaithe agus a thionchar ar CEPOL a chumhdach, molann an Coimisiún buiséad CEPOL a threisiú in 2024.

Tá sé beartaithe an t-atreisiú de EUR 1 mhilliún atá beartaithe ar ranníocaíocht an Aontais le CEPOL i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a fhritháireamh in aghaidh an Chiste Slándála Inmheánaí (ISF). Aistrítear an méid céanna i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó ISF chuig CEPOL trí aistriú uathrialach.

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
12 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)	1 064 000	0
12 02 01	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)	-1 064 000	0
Iomlán		**0**	**0**

In éineacht leis an méadú a bhaineann le nuashonrú tuarastail a luaitear thuas (EUR 89 938 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí), is é EUR 1 153 938 an méadú iomlán atá beartaithe do CEPOL.

2.4.2 Atreisiú le haghaidh eu-LISA

Tar éis méaduithe costais níos airde ná mar a bhí buiséadaithe a bhaineann le 'garsprioc Wave 2' de chuid eu-LISA agus na creatchonarthaí comhfhreagracha (go háirithe an córas údaraithe réamhthaistil do thaistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa (ETIAS) agus na ceanglais idir-inoibritheachta), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún buiséad eu-LISA a mhéadú le EUR 17 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas. Tá gá leis an atreisiú buiséid chun a áirithiú go háirithe go maoineofar an dá phríomh-chreatchonradh a úsáideann eu-LISA, i.e. an Creat Innealtóireachta Trasnach agus an Creat Oibríochtaí Trasnach, costais ghréasáin agus coigeartuithe conarthacha, leathnú raon feidhme na seirbhísí gréasáin agus ceanglais mhéadaithe do sholáthraithe seachtracha mar thacaíocht dhíreach d'oibríochtaí eu-LISA.

Shainaithin Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) barrachas ina buiséad mar gheall ar thearcúsáid a línte oibríochtúla (pleananna oibríochtúla leis na Ballstáit) agus mar gheall ar earcú foirne nua níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an méadú EUR 17 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a mhaoiniú trí laghdú cúitimh ar ranníocaíocht an Aontais le EUAA. Áirítear san 'Ollaistriú' freisin laghdú breise ar bhuiséad EUAA le EUR 10 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a threisíonn príomhlíne IBTV lena maoinítear íocaíochtaí eatramhacha gan íoc.

Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na coigeartuithe atá beartaithe - neodrach ó thaobh buiséid de:

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
11 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais	17 000 000	0
10 10 01	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann	-17 000 000	0
Iomlán		**0**	**0**

In éineacht leis an méadú a bhaineann le nuashonrú tuarastail a luaitear thuas (EUR 773 078 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí), is é EUR 17 773 078 an méadú iomlán atá beartaithe do eu-LISA.

2.4.3 Laghdú don Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC)

Tá an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC) fós i gcéim bhunaithe agus tá an próiseas ag glacadh níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Baineann sé seo go háirithe le hearcaíocht. Dá bhrí sin, tar éis na chéad mhíonna dá bhunú, rinneadh athbhreithniú síos ar an ngá atá le leithreasuithe in 2024. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, ranníocaíocht an Aontais le hÚSAC a laghdú EUR 0,75 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, mar a léirítear thíos.

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
30 02 02	Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 03 10 05)	-750 281	0
Iomlán		**-750 281**	**0**

2.4.4 Cúlchiste a chur ar ais chuig clár LIFE - an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)

Mar gheall ar mhoilleanna ar ghlacadh an togra ón gCoimisiún don 'Phacáiste maidir le Truailliú Nialasach' a bhfuil caibidlíocht fós ar siúl ina leith, ní chuirfear tús leis na cúraimí nua atá beartaithe a shanntar do ECHA agus do EEA in 2024. I mbuiséad 2024, cuireadh na leithreasuithe comhfhreagracha EUR 2,8 milliún, de thionscnamh chlár LIFE, i gcúlchiste chun tairbhe an dá ghníomhaireacht sin, go dtí go ndéanfar dul chun cinn ar an bpacáiste reachtach. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo 5/2024 na leithreasuithe comhfhreagracha a thabhairt ar ais do chlár LIFE, mar a leanas:

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
30 02 02	Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 09 10 01)	-1 596 375	-1 596 375
30 02 02	Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 09 10 02)	-1 187 476	-1 187 476
09 02 02	Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil	2 783 851	0
09 02 99	Cláir roimhe seo a chur i gcrích i réimse an chomhshaoil agus ghníomhú ar son na haeráide (LIFE)	0	2 783 851
Iomlán		**0**	**0**

2.5 Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas – Nósanna imeachta chun conarthaí a dhámhachtain agus a fhógairt maidir le soláthar, oibreacha agus seirbhís phoiblí

Sainaithníodh barrachas EUR 2,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh líne bhuiséid 03 20 03 01. Coigilteas mór is cúis leis sin tar éis an chinnidh aistriúchán uathoibríoch ar éileamh ar fhógraí Institiúidí an Aontais a úsáid. Aistreofar méid EUR 0,5 milliún trí aistriú uathrialach chuig bearta eile i réimse an mhargaidh inmheánaigh, agus tá sé beartaithe an méid atá fágtha de EUR 2,4 milliún a chur ar ceal sa dréachtbhuiséad leasaitheach 5/2024 seo.

Méideanna in EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
03 20 03 01	Nósanna imeachta chun conarthaí a dhámhachtain agus a fhógairt maidir le soláthar, oibreacha agus seirbhís phoiblí	-2 420 000	0
Iomlán		**-2 420 000**	**0**

2.6 An Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin

I mí an Mheithimh 2024, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle leanúint den obair chun cistiú breise a chur ar fáil don Úcráin faoi dheireadh na bliana[17]. I gcomhréir le torthaí chruinniú mullaigh G7 an 13-15 Meitheamh 2024, dhéanfaí é sin i bhfoirm iasachtaí a sheirbhísiú agus a aisíoc le sreafaí amach anseo den ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní blocáilte ceannasacha na Rúise. Dá bhrí sin, an 20 Meán Fómhair 2024, mhol an Coimisiún Rialachán lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin[18]. Tacóidh an Sásra le comhpháirtithe G7 iasachtaí a eisiúint don Úcráin i gcomhthráth le hiasacht cúnaimh macrairgeadais eisceachtúil an Aontais, d'fhonn an méid iomlán atá beartaithe ag cruinniú mullaigh G7 a bhaint amach. Chun go mbeidh an Coimisiún in ann na hoibríochtaí buiséadacha gaolmhara a bhainistiú go tráthúil tráth a ghlacfar Rialachán an tSásra, molann an Coimisiún na coigeartuithe uile breise is gá a dhéanamh ar an ainmníocht bhuiséadach agus ar na barúlacha buiséid le haghaidh 2024 sa DBL 5/2024 seo. Dá réir sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún líne bhuiséid nua a chruthú laistigh de chaibidil thiomnaithe nua 14 11 (gan leithreasuithe) mar a leanas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
14 11 01	An Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin	p.m.	p.m.
Iomlán		**p.m.**	**p.m.**

Leagtar amach na nótaí tráchta buiséid comhfhreagracha san iarscríbhinn bhuiséadach.

3. NUASHONRÚ AR IONCAM

Le dréachtbhuiséad leasaitheach 5/2024, moltar EUR 2 815 mhilliún a ionchorprú i mbuiséad 2024 i bhfíneálacha cinntitheacha agus in íocaíochtaí pionósacha a íocfar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá sé beartaithe freisin líne ioncaim nua a chruthú don ULCM laistigh d'airteagal nua 'Tacaíocht don Úcráin'.

Ón dáta a glacadh an DBL seo 5/2024, níor áiríodh aon ioncam diúltach i mbuiséad 2024, tar éis chruthú na féidearthachta sin sa Rialachán Airgeadais (athmhúnlú), ón 30 Meán Fómhair 2024 ar aghaidh[19]. Tá méideanna beachta na n-íocaíochtaí úis cúitigh atá le déanamh á mbunú faoi láthair. Tá maolán leordhóthanach de thart ar EUR 1 200 milliún ó fhíneálacha cinntitheacha fós ar fáil chun na híocaíochtaí sin a chumhdach go dtí deireadh na bliana. Nuair a bheidh sé íoctha, cuirfear an t-ioncam diúltach san áireamh i líne bhuiséid shonrach 4 2 5 'Ús, muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cuireadh ar ceal nó a laghdaíodh'. Déanfar mionsonraí breise maidir leis na méideanna ábhartha agus maidir leis na hidirbhearta ábhartha a sholáthar freisin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

Tá sé beartaithe freisin líne ioncaim nua a chruthú don ULCM laistigh d'airteagal nua 'Tacaíocht don Úcráin'.

3.1 Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha

I bhfianaise na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha a íocadh go dtí an 31 Bealtaine 2024, tá sé beartaithe na méideanna seo a leanas a chur isteach i mbuiséad 2024:

a) EUR 2 502 mhilliún d'fhíneálacha iomaíochta.

17 EUCO 15/24.
18 COM(2024) 426 final.
19 IO L, 2024/2509, 26.09.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R2509

b) EUR 52 mhilliún d'íocaíochtaí pionósacha agus de chnapshuimeanna a forchuireadh ar Bhallstáit nár chomhlíon breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa mhéid gur theip orthu oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.

c) EUR 257 milliún d'ús a bhaineann le fíneálacha agus le híocaíochtaí pionósacha.

d) EUR 4 mhilliún d'fhíneálacha agus d'íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile, le haghaidh préimheanna astaíochtaí iomarcacha den chuid is mó.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, na méideanna a thuairiscítear in DBL 4/2024 de EUR 614 mhilliún a mhéadú faoi EUR 2 815 mhilliún, arb ionann é agus EUR 3 429 milliún san iomlán é.

Taispeántar an mionsonra de réir líne sa tábla thíos.

EUR

Líne ioncaim	**Ainm**	**Buiséad 2024**	**DBL 5/2024**	**Méid nua**
4 2 0	Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta	257 464 207	2 502 502 303	2 759 966 510
4 2 1	Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát	340 653 167	51 929 451	392 582 618
4 2 4	Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha	9 802 092	256 590 258	266 392 350
4 2 9	Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile	6 400 685	3 875 627	10 276 312
Iomlán		**614 320 151**	**2 814 897 639**	**3 429 217 790**

3.2 Tionchar ar an ranníocaíocht acmhainne dílse bunaithe ar OIN le haghaidh 2024

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ranníocaíochtaí athbhreithnithe acmhainní dílse bunaithe ar OIN i gcomparáid le DBL 4/2024:

An Ballstát	DBL 4/2024	DBL 5/2024	Méid nua
	(1)	(2)	(3) = (1) +(2)
An Bheilg	3 137 520 826	4 860 827	3 142 381 653
An Bhulgáir	490 929 862	760 577	491 690 439
Poblacht na Seice	1 524 718 132	2 362 181	1 527 080 313
An Danmhairg	2 045 789 860	3 169 456	2 048 959 316
An Ghearmáin	22 584 558 382	34 989 295	22 619 547 677
An Eastóin	192 975 003	298 968	193 273 971
Éire	2 070 413 423	3 207 603	2 073 621 026
An Ghréig	1 163 139 703	1 802 003	1 164 941 706
An Spáinn	7 768 960 009	12 036 120	7 780 996 129
An Fhrainc	15 077 255 983	23 358 553	15 100 614 536
An Chróit	425 510 887	659 226	426 170 113
An Iodáil	10 942 787 228	16 953 195	10 959 740 423
An Chipir	145 650 292	225 650	145 875 942
An Laitvia	212 177 297	328 717	212 506 014
An Liotuáin	374 044 146	579 491	374 623 637
Lucsamburg	275 312 135	426 529	275 738 664
An Ungáir	1 035 987 565	1 605 011	1 037 592 576
Málta	95 647 207	148 182	95 795 389
An Ísiltír	5 464 910 293	8 466 554	5 473 376 847
An Ostair	2 527 403 838	3 915 600	2 531 319 438
An Pholainn	4 123 400 650	6 388 210	4 129 788 860
An Phortaingéil	1 388 121 069	2 150 557	1 390 271 626
An Rómáin	1 745 902 426	2 704 853	1 748 607 279

An tSlóivéin	334 363 876	518 016	334 881 892
Poblacht na Slóvaice	647 634 542	1 003 353	648 637 895
An Fhionlainn	1 439 287 560	2 229 827	1 441 517 387
An tSualainn	3 074 333 659	4 762 935	3 079 096 594
Iomlán	**90 308 735 853**	**139 911 489**	**90 448 647 342**

3.3 Athrú ar an ainmníocht tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún maidir leis an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin

Mar thoradh ar ghlacadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (féach roinn 3.1 thuas), tá sé beartaithe líne ioncaim nua a chruthú laistigh d'airteagal le haghaidh tacaíocht don Úcráin: 6 6 4 2 'An Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin'. Ina theannta sin, moltar ceartúchán teicniúil a chur san áireamh chun an tagairt don líne bhuiséid maidir leis an tSaoráid don Úcráin a choigeartú ó '6 6 4' go '6 6 4 0'.

Leagtar amach na nótaí tráchta buiséid comhfhreagracha san iarscríbhinn bhuiséadach.

4. MAOINIÚ

Ar an iomlán, is éard is glantionchar an dréachtbhuiséid leasaithigh seo méadú EUR 44,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 2 954,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi bhuiséad 2024.

I ndáil le tionchar an nuashonraithe tuarastail athbhreithnithe le haghaidh 2024, ós rud é nach bhfuil corrlaigh ann agus nach féidir iad a athdháileadh faoi fho-cheannteideal 2b agus faoi cheannteideal 5, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[20] i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí maidir le méid EUR 5,1 milliún le haghaidh fho-cheannteideal 2b Athléimneacht agus Luachanna chun ranníocaíocht an Aontais le haghaidh roinnt gníomhaireachtaí díláraithe a mhéadú agus maidir le méid EUR 2,1 milliún le haghaidh cheannteideal 5 chun ranníocaíocht an Aontais a mhéadú do Europol agus CEPOL. Ina theannta sin, mar thoradh ar an méadú ar chaiteachas le haghaidh cheannteideal 7, tiocfaidh méadú EUR 68,5 milliún ar na méideanna a bheartaítear a shlógadh ón Ionstraim Corrlaigh Aonair.

Meastar gurb é EUR 1 758,3 milliún i bpraghsanna reatha na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2024 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2021 go 2024. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc do na blianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)					
Bliain slógtha	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**Iomlán**
2021	7.6	0	0	0	**7.6**
2022	49.8	36.7	0	0	**86.5**
2023	279	120.6	83.2	0	**482.8**
2024	1 421,9	107.6	83.7	46.3	**1 659,5**
Iomlán	**1 758,3**	**264.9**	**166.9**	**46.3**	**2 236,4**

[20] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lgh. 11-22, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32020R2093

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

In EUR

		Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024 - DBLanna 2-4/2024)		Dréachtbhuiséad Leasaitheach 5/2024		Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024 - DBLanna 2-4/2024)	
		CA	**PA**	**CA**	**PA**	**CA**	**PA**
1	**An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach**	**21 492 216 821**	**20 826 810 837**	**8 333**	**3 178 614**	**21 492 225 154**	**20 829 989 451**
	Uasteorainn	*21 598 000 000*				*21 598 000 000*	
	Corrlach	*105 783 179*		*-8 333*		*105 774 846*	
2	**Comhtháthú agus Luachanna**	**74 577 476 949**	**33 732 782 204**	**5 103 087**	**2 905 103 087**	**74 582 580 036**	**36 637 885 291**
	agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*1 306 281 333*		*5 103 087*		*1 311 384 420*	
	Uasteorainn	*73 289 000 000*				*73 289 000 000*	
	Corrlach	*17 804 384*				*17 804 384*	
2a.	An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	64 665 195 616	24 155 654 152		2 900 000 000	64 665 195 616	27 055 654 152
	Uasteorainn	*64 683 000 000*				*64 683 000 000*	
	Corrlach	*17 804 384*				*17 804 384*	
2b.	Athléimneacht agus luachanna	9 912 281 333	9 577 128 052	5 103 087	5 103 087	9 917 384 420	9 582 231 139
	agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*1 306 281 333*		*5 103 087*		*1 311 384 420*	
	Uasteorainn	*8 606 000 000*				*8 606 000 000*	
	Corrlach						
3	**Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol**	**57 338 630 839**	**54 151 402 941**	**-31 946 050**	**-24 838 484**	**57 306 684 789**	**54 126 564 457**
	Uasteorainn	*57 449 000 000*				*57 449 000 000*	
	Corrlach	*110 369 161*		*31 946 050*		*142 315 211*	
	Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	**40 517 278 000**	**40 505 482 213**			**40 517 278 000**	**40 505 482 213**
	Fo-uasteorainn CERT	*41 649 000 000*				*41 649 000 000*	
	Difríocht an tslánaithe arna eisiamh chun an fochorrlach a ríomh	*722 000*				*722 000*	
	Glanaistrithe idir CERT agus CETFT	*-1 046 000 000*				*-1 046 000 000*	
	An glan-iarmhéid atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)	*40 603 000 000*				*40 603 000 000*	
	Fochorrlach CERT	*85 722 000*				*85 722 000*	
4	**Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**	**3 892 705 671**	**3 248 967 443**	**773 078**	**773 078**	**3 893 478 749**	**3 249 740 521**
	Uasteorainn	*4 020 000 000*				*4 020 000 000*	
	Corrlach	*127 294 329*		*-773 078*		*126 521 251*	
5	**An tSlándáil agus an Chosaint**	**2 697 177 926**	**2 035 413 531**	**2 092 833**	**2 092 833**	**2 699 270 759**	**2 037 506 364**
	agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*317 177 926*		*2 092 833*		*319 270 759*	
	Uasteorainn	*2 380 000 000*				*2 380 000 000*	
	Corrlach						
6	**An Chomharsanacht agus an Domhan**	**16 731 000 000**	**15 315 050 313**			**16 731 000 000**	**15 315 050 313**
	agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*28 828 204*				*28 828 204*	

	Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024 - DBLanna 2-4/2024)		Dréachtbhuiséad Leasaitheach 5/2024		Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024 - DBLanna 2-4/2024)	
	CA	PA	CA	PA	CA	PA
Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*371 171 796*				*371 171 796*	
Uasteorainn	*16 331 000 000*				*16 331 000 000*	
Corrlach						
7 An Riarachán Poiblí Eorpach	**11 988 000 603**	**11 988 000 603**	**68 500 000**	**68 500 000**	**12 056 500 603**	**12 056 500 603**
Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*215 000 603*		*68 500 000*	*68 500 000*	*283 500 603*	
Uasteorainn	*11 773 000 000*				*11 773 000 000*	
Corrlach						
agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**9 175 375 841**	**9 175 375 841**	**1 300 000**	**1 300 000**	**9 176 675 841**	**9 176 675 841**
Fo-uasteorainn	*9 006 000 000*				*9 006 000 000*	
Fochorrlach						
Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal	**188 717 208 809**	**141 298 427 872**	**44 531 281**	**2 954 809 128**	**188 761 740 090**	**144 253 237 000**
Uasteorainn	***186 840 000 000***	***170 543 000 000***			***186 840 000 000***	***170 543 000 000***
agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	***1 652 287 463***	***1 751 178 297***	***7 195 920***	***7 195 920***	***1 659 483 383***	***1 758 374 217***
Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	***586 172 399***		***68 500 000***		***654 672 399***	
Corrlach	***361 251 053***	***30 995 750 425***	***31 164 639***		***392 415 692***	***28 048 137 217***
Ionstraimí speisialta téamacha	**6 517 600 432**	**5 491 076 559**			**6 517 600 432**	**5 491 076 559**
Iomlán na leithreasuithe	**195 234 809 241**	**146 789 504 431**	**44 531 281**	**2 954 809 128**	**195 279 340 522**	**149 744 313 559**